Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.10795 – TA ASSOCIATES / VISTA / iCIMS)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2022/C 285/07)

1. An 19 Iúil 2022, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— TA Associates Management L.P. ("TA Associates", SAM),

— Vista Equity Partners Management, LLC ("Vista", SAM),

— iCIMS Holdings LLC ("iCIMS", SAM), faoi rialú aonair Vista.

Gheobhaidh TA Associates agus Vista rialú comhpháirteach ar iCIMS de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— i gcás TA Associates: gnólacht cothromais phríobháidigh a bhfuil cuideachtaí punainne aige atá gníomhach i dtionscail roghnaithe, lena n-áirítear seirbhísí gnó, réimse an tomhaltóra, seirbhísí airgeadais, cúram sláinte agus teicneolaíochtaí,

— i gcás Vista: gnólacht infheistíochta atá dírithe ar bhogearraí fiontair, sonraí agus gnólachtaí atá cumasaithe ag an teicneolaíocht a chumhachtú agus a fhás,

— i gcás iCIMS: soláthraí bogearraí acmhainní daonna chun cabhrú le hearcaíocht agus ionduchtú foirne.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i dtaca le cóireáil comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.10795 – TA ASSOCIATES / VISTA / iCIMS

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Facs +32 22964301

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").
([2]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË